A chailleach na foraire

[Mac Niocaill, Gearóid: Duanaire Ghearóid Iarla (*Studia Hibernica*, 3, 1963, 7ff.), poem 6]

1 A chailleach na foraire
bhíos ’na codladh go camhaoir,
iongnadh mina mothaighe
a mhéad ata ort d’anaoibh.

2 A athchailleach fhorasta,
is d’airdheanaibh mná h’aoise
grádh bídh is mian chodalta,
comhrádh barrghaoitheach baoise.

3 Mairg dar cinneadh comhnaidhe
ar do chomhair go madain
agus tusa id choncaire
mar bhíos bradhall ar charraig.

4 Do bo shaoire an brághdaineas
do ghlas lámh agus geimheal
ná tusa, a ghnathchailleach,
do bheith choidhche ’gár bhfeitheamh.

5 Beartaighim fám breithirse,
dá dteagmhadh sé ar mo chomas,
dod drochbhanas éintighe
go bhfágfainn teagh Chinn Choradh.

6 Is fiarfaidhe aiceanta,
nó is ceist ar lucht na séimhcheard,
créad fa bhfuilid cailleacha
riamh do mhacámhaibh Éireann.

7 Nocha tusa id éanarán
fuair anachraoibh ó mh’aithghin;
ní mó is mise céadmhacámh
do bhí i ndaoirsine ag cailligh.

8 Do chuala do chomhchosmhail
do chailligh ag ríogh Uladh
annsa chraoibh ruaidh Chonchobhair
thuasúd re linn na gcuradh.

9 Do ba bhuidhean treathangharbh
iad a dtriúr im gach éanchnáimh
dá leandaois luath-Leabharcham
peata fiaich, peata préacháin.

10 D’fhormad ris an mbuídhin-sin
ná bíodh, a chailleach dhochnáich:
dámadh lugha a mhuirighin
níor bheag duit peata socáin.

11 Is iongnadh dod leithéidse
mas fíor dhúinne, a Dhuibh-Easa,
éan d’éanaibh na heiséirghe
do bheith agat mar pheata. A c.

12 Tharla cailleach chugainne
dár dturas annsa bhrughsa
in uaimh dhorcha dhubh-aille
mar tharla do Mahol Umha. A.

13 Do bhiadh agam fhiarfaidhe
do mhacámh ar dhruim Bhanbha
an dtarla don Diarmaid-se
cailleach riamh a mac samhla. A c.

14 Ar mháthair mhic óghMhuire
nach bia umam go failleach
sirim re taoibh thrócaire
do scaradh riom, a chailleach. A c.